




# Eleathanach 371



Dé Luain, an 25 Eanáir, 2021




## An File Amanda Gorman

Tá Amanda Gorman 22 bliain d'aois. Is file í. Scríobh sí an dán 'The Hill We Climb' faoin tábhacht atá le daonlathas.

D'iarr Dr Jill Biden uirthi an dán a léamh amach ag insealbhú Joe Biden.

Is í Amanda Gorman an file is óige a ghlac páirt ag insealbhú Uachtaráin riamh cheana. Léigh Robert Frost dán ag insealbhú John F. Kennedy sa bhliain 1961.

D'fhreastail Amanda Gorman ar Ollscoil Harvard agus bhí an-áthas uirthi nuair a chonaic sí go raibh cáil ar a cuid dánta. Chuir sí tvuít amach agus bhain sí úsáid as focail W.B. Yeats. Comhghairdeas Amanda!



Joe Biden

Mícheál D. Ó hUiginn



## Liathróid Peile!

Chaill Aoife Ní Niocaill a liathróid peile san fharraige. Bhí a hainm scríofa ar an liathróid. Tá Aoife 10 mbliana d'aois agus is as Contae Phort Láirge í.

Seacht lá níos déanaí sa Bhreatain Bheag, tháinig bean, Aline Denton, ar an liathróid. Chuir sí grianghraf den liathróid ar Facebook agus chonaic Aoife é.

Thóg sé seacht lá ar an liathróid dul go dtí an Bhreatain Bheag ó Phort Láirge! Chuir Aline an liathróid ar ais go hAoife sa phost. Tá an-áthas ar Aoife.



## Joe Biden

Tá Uachtarán nua ag Meiriceá. Joe Biden is ainm dó. Tá gaolta Joe Biden ina gcónaí i gContae Mhaigh Eo. Is í Kamala Harris an Leasuachtarán.

Bhí insealbhú an Uachtaráin ar siúl in Washington ar an 20 Eanáir 2021.

Bhí Michelle agus Barack Obama i láthair. Chan Lady Gaga an t-amhrán náisiúnta. Bhí Garth Brooks agus Jennifer Lopez ag canadh freisin.

D'fhág Donald Trump agus Melania Trump an Teach Bán freisin. Chuaigh siad ar héileacaptar.

Tá Joe Biden agus a bhean chéile Dr Jill Biden ina gcónaí sa Teach Bán anois. Sheol Uachtarán na hÉireann, Mícheál Dónal Ó hUiginn, litir chuig Joe Biden.

Tá go leor oibre le déanamh ag Joe Biden anois. Go n-éirí leat a Joe!



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaelachta & Gaelcoláiochta

